Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Márta 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0123(COD)**

**6734/20**
**ADD 2**

**CODEC 174**
**TRANS 110**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1071/2009, (AE) Uimh. 1072/2009 agus (AE) Uimh. 1024/2012 d'fhonn iad a oiriúnú dá bhfuil ag titim amach san earnáil iompair de bhóthar **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus glacadh an ráitis faoi chúiseanna na Comhairle<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún le haghaidh mhiontuairiscí Coreper**

Tugann an Coimisiún dá aire an comhaontú sealadach maidir le gnéithe sóisialta agus gnéithe de mhargadh Phacáiste Soghluaisteachta I ar ar tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa le linn an cheathrú cruinniú tríthaobhach a bhí ann an 11-12 Nollaig 2019.

Is cúis aiféala don Choimisiún go bhfuil eilimintí sa chomhaontú polaitiúil ar ar tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa nach bhfuil i gcomhréir le huaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus formhuiniú na Comhairle Eorpaí don chuspóir neodracht aeráide a bhaint amach san Aontas faoi 2050. Is é sin le rá, filleadh éigeantach na feithicle chuig an mBallstát bunaíochta gach 8 seachtain agus srianta a fhorchur ar chomhoibríochtaí iompair. Ní raibh na bearta sin mar chuid de thograí ón gCoimisiún a glacadh an 31 Bealtaine 2017 agus ní raibh siad faoi réir measúnú tionchair. Mar thoradh ar an oibleagáid ar an trucail filleadh, beidh neamhéifeachtúlachtaí sa chóras iompair agus tiocfaidh méadú ar astaíochtaí neamhriachtanacha, ar thruailliú agus ar phlódú, agus ag an am céanna fágfaidh na srianta ar iompar traschórais go laghdófar a éifeachtacht ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí iompair lastais ilmhódacha.

Is mór na feabhais shóisialta a bheartaítear sa togra seo. Déanfaidh an Coimisiún grinnmheasúnú ar an tionchar ar an aeráid, an comhshaol, agus ar thionchar feidhmiúil an mhargaidh aonair a bhaineann leis an dá ghné sin. Is amhlaidh a dhéanfaidh an Coimisiún i bhfianaise an Chomhaontaithe Ghlais agus i bhfianaise bearta atá ann chun iompar a dhícharbónú agus an comhshaol a chaomhnú, agus a áirithiú go bhfeidhmeoidh an Margadh Aonair go maith.

Tar éis measúnú tionchair, déanfaidh an Coimisiún a cheart a fheidhmiú, más gá, togra reachtach spriocdhírithe a chur ar aghaidh sula dtiocfaidh an dá fhoráil i bhfeidhm.